Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Bealtaine 2021 (OR. en)**

**8870/21**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2018/0152/B(COD)**

**CODEC 719**
**VISA 101**
**FRONT 187**
**MIGR 91**
**IXIM 89**
**SIRIS 48**
**COMIX 269**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 603/2013, (AE) 2016/794, (AE) 2018/1862, (AE) 2019/816 agus (AE) 2019/818 a mhéid a bhaineann leis na coinníollacha a bhunú chun rochtain a fháil archórais faisnéise AE chun críocha an Chórais Faisnéise Víosaí **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis ar chúiseanna na Comhairle |

1. An 17 Bealtaine 2018, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], bunaithe ar Airteagail 16(2), 77(2), 78(2), 79(2), 87(2) agus 88(2) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 19 Meán Fómhair 2018[2].

3. Chuathas i gcomhairle le Coiste na Réigiún agus chinn sé gan tuairim a eisiúint.

4. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh an 13 Márta 2019[3].

[1] 8853/18 + ADD 1 go ADD 3.
[2] IO C 440, 6.12.2018, lgh. 154-157.
[3] 7401/19

5. An 22 Eanáir 2021, dhearbhaigh Coiste na mBuanionadaithe an comhaontú sealadach ar tháinig na comhreachtóirí air.

6. Ina dhiaidh sin, an 27 Eanáir 2021, dhearbhaigh Coiste Pharlaimint na hEorpa um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (LIBE) an comhaontú sealadach agus sheol cathaoirleach an Choiste litir an 1 Feabhra 2021 chuig cathaoirleach Coreper á dhearbhú gur cheart do Pharlaimint na hEorpa, ar an dara léamh, an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh a fhormheas (tar éis athbhreithniú dlítheangeolaíoch a dhéanamh) gan aon leasú a dhéanamh air.

7. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá réir sin, a mholadh don Chomhairle[4] go ndéanfadh sí an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh a leagtar amach in 5951/21 agus an ráiteas ar chúiseanna a leagtar amach in 5951/21 ADD 1 a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

8. Ag an am céanna, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a chinneadh, i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle agus i gcomhréir le hAirteagal 1 de Chinneadh (AE) 2021/454 ón gComhairle[5], go n-úsáidfidh an Chomhairle an nós imeachta i scríbhinn chun an Rialachán thuasluaite a ghlacadh, más rud é, de bharr na n-imthosca a bhaineann le COVID-19, nach mbeidh aon chruinniú ag an gComhairle roimh an 29 Bealtaine 2021.

---

[4] Níl Éire ná an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl siad faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

[5] Cinneadh (AE) 2020/454 ón gComhairle an 12 Márta 2021 lena gcuirtear síneadh breise leis an maolú sealadach ar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle a tugadh isteach le Cinneadh (AE) 2020/430, i bhfianaise na ndeacrachtaí taistil a chruthaigh paindéim COVID-19 san Aontas (IO L 89, 16.3.2021, lgh. 15–16)